# ‘Deireadh na Seachtaine’ – Na Fíréin

## *Liricí*

An traein ag teacht isteach sa stáisiún tréigthe

Oíche Dhomhnaigh i lár an gheimhridh

Scuaine busannaí i líne dhíreach

Chun na daoine a bhreith isteach go lár na cathrach.

Curfá: Deireadh, tá deireadh le deireadh na seachtaine.

Gluaiseann an bus go réidh le h-ais an uisce dhuibh

Lampaí arda ag soilsiú na sráide buí

Lámha bána ar mhálaí deireadh seachtaine

Is cuimhní milse ag rince i ngach croí.

Curfá: Deireadh, tá deireadh le deireadh na seachtaine.

Ar ais an oíche sin in árasán fuar agus teann

An t-imirceach óg ón mbaile thiar, baile thiar sa ghleann

Caitheann a chuid éadaí glana isteach i dtarraiceán lom

Léinte is stocaí nite ag máthair chromtha.

Curfá: Deireadh, tá deireadh le deireadh na seachtaine.

Cúig lá sa tseachtain óna naoi go dtí a cúig
Laethanta ag obair i gcathair aduain
Istoíche, deoch sna pubannaí
Ag fanacht go foighneach le theacht Dé hAoine arís.

Curfá: Deireadh, tá deireadh le deireadh na seachtaine.

## Pointí Spéise

•Is racamhrán é Deireadh na Seachtaine.

•Tá íomhánna láidre san amhrán seo. Is éasca saol uaigneach an amhránaí a shamhlú agus muid ag éisteacht leis na liricí.

•Is é uaigneas an mothúchán is láidre san amhrán.

•Tá rithim láidir, lán le fuinneamh san amhrán seo.

•Is iad imirce agus grá áite príomhthéamaí an amhráin, agus an t-amhránaí ag smaoineamh siar ar a shaol faoin tuath.

•Tá codarsnacht le feiceáil i liricí an amhráin, agus an t-amhránaí ag smaoineamh ar a shaol sa chathair i gcomparáid lena shaol sa bhaile.

# Obair Ranga

An dtaitníonn an ceol leat? Cén sórt ceoil é?

An dtaitníonn na liricí leat? Cén fáth? Cad é an líne nó an véarsa is fearr leat?

Cén chaoi a mothaíonn an t-amhránaí san amhrán seo? Déan plé ar do fhreagra.